Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13622/23**

**FIN 990**
**INST 367**
**PE-L 33**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13440/23 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 14/2023 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2023 |

1. An 27 Meán Fómhair 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 14/2023, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

   Is é is cuspóir don togra seo leithreasuithe atá ar fáil ar línte tacaíochta éagsúla maidir le cúrsaí riaracháin a aistriú chuig na línte oibríochtúla le haghaidh cláir faoi na (fo-)c(h)eannteidil 1 (*Fís Eorpach, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus Clár an Mhargaidh Aonair*), 2a (*an Ciste Comhtháthaithe*), 2b (*EU4Health, Ciste Sóisialta na hEorpa+, Cearta agus Luachanna*), 3 (*LIFE*), 5 (*Taighde CEF, Soghluaisteacht Mhíleata*) agus 6 (*ICFCI, Tíortha agus críocha thar lear*)-, mar a thaifeadtar in 13440/23 iad.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Is é is aidhm don togra EUR 56.67 milliún san iomlán i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe íocaíochta araon a aistriú.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra i leith aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 2 Deireadh Fómhair 2023.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- aistriú na leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 13440/23 iad; agus

- an dréachtlitir atá san IARSCRÍBHINN chuige sin.

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip : Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[2], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 14/2023 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2023.

(Beannacht scoir).

---

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).